2025/285

13.2.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/285 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Feabhra 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1758 a mhéid a bhaineann le hathruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'SALVECO SALVESAFE PRODUCTS'

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 11 Meán Fómhair 2023, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1758 ón gCoimisiún ([2]) deonaíodh údarú Aontais, faoi uimhir EU-0028967-0000, do Salveco SAS maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha 'SALVECO SALVESAFE PRODUCTS' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid. San Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin tugtar achoimre ar shaintréithe an táirge ('AST') le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha sin.

(2) An 23 Deireadh Fómhair 2023, an 10 Eanáir 2024 agus an 5 Feabhra 2024 rinne Salveco SAS fógraí faoi athruithe riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'SALVECO SALVESAFE PRODUCTS' a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht'), i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún ([3]), ar fógraí iad a taifeadadh sa chlár do tháirgí bithicídeacha faoi chás-uimhreacha BC-HF089623-38, BC-HR091384-18, agus BC-VH092958-06. Na hathruithe ar tugadh fógra ina leith, baineann siad le 6 thrádainm, le méid nua pacáiste atá laistigh den raon atá údaraithe cheana féin agus le monaróir nua táirgí a chur leis an údarú.

(3) An 14 Samhain 2023 ([4]), an 15 Feabhra 2024 ([5]) agus an 6 Márta 2024 ([6]), i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, chuir an Ghníomhaireacht tuairimí faoi bhráid an Choimisiúin maidir leis na hathruithe riaracháin ar tugadh fógra ina leith ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'SALVECO SALVESAFE PRODUCTS', in éineacht le hachoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh. Sna tuairimí uaithi, is é conclúid na Gníomhaireachta gur athruithe riaracháin iad na hathruithe atá beartaithe dá dtagraítear in Airteagal 50(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus mar a shonraítear i dTeideal 1, Roinn 1, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013, agus go gcomhlíonfar coinníollacha Airteagal 19 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 528/2012 go fóill tar éis na hathruithe sin a chur chun feidhme.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1758 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2023lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'SALVECO SALVESAFE PRODUCTS' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 224, 12.9.2023, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1758/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013 ón gCoimisiún an 18 Aibreán 2013 maidir le hathruithe táirgí bithicídeacha arna n-údarú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 109, 19.4.2013, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2013/354/oj).

([4]) ECHA Opinion on the administrative change of the Union authorisation of the biocidal product family: SALVECO SALVESAFE PRODUCTS of 14 November 2023, [Tuairim ón nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán ('ECHA') maidir leis an athrú riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha: SALVECO SALVESAFE PRODUCTS an 14 Samhain 2023] Tuairim Uimh. UAD-C-1691638-29-00/F, https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

([5]) ECHA Opinion on the administrative change of the Union authorisation of the biocidal product family: SALVECO SALVESAFE PRODUCTS of 15 February 2024, [Tuairim ó ECHA maidir leis an athrú riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha: SALVECO SALVESAFE PRODUCTS an 15 Feabhra 2024] Tuairim Uimh. UAD-C-1712946-30-00/F, https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

([6]) ECHA Opinion on the administrative change of the Union authorisation of the *biocidal product family: SALVECO SALVESAFE PRODUCTS of 6 March 2024*, [Tuairim ó ECHA maidir leis an athrú riaracháin ar an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha: SALVECO SALVESAFE PRODUCTS an 6 Márta 2024] Tuairim Uimh. UAD-C-1717922-28-00/F, https://echa.europa.eu/opinions-on-union-authorisation.

(4) An 6 Márta 2024 rinne an Ghníomhaireacht an achoimre athbhreithnithe ar shaintréithe an táirge bhithicídigh maidir leis an údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'SALVECO SALVESAFE PRODUCTS' a tharchur chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais agus cumhdaítear inti na hathruithe riaracháin ar fad ar cuireadh iarratas isteach ina leith, i gcomhréir le hAirteagal 11(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 354/2013.

(5) Comhaontaíonn an Coimisiún leis na tuairimí ón nGníomhaireacht agus dá bhrí sin, measann sé gurb iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha 'SALVECO SALVESAFE PRODUCTS' a leasú chun na hathruithe riaracháin a d'iarr Salveco SAS a thabhairt isteach.

(6) Ach amháin i gcás na leasuithe maidir leis na hathruithe riaracháin, an fhaisnéis eile uile a áirítear san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh 'SALVECO SALVESAFE PRODUCTS' mar a leagtar amach í san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1758, fanann sí gan athrú.

(7) Chun soiléireacht a fheabhsú agus chun éascú a dhéanamh ar rochtain úsáideoirí agus páirtithe leasmhara ar an leagan comhdhlúite den achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh atá le foilsiú ag an nGníomhaireacht, ba cheart Iarscríbhinn iomlán nua a chur in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1758. I ngeall ar athrú ar an bhformáid a úsáidtear chun an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a ghiniúint sa chlár do tháirgí bithicídeacha in 2024, ba cheart roinnt mionathruithe eagarthóireachta agus mionathruithe ar an leagan amach a áireamh san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh san Iarscríbhinn sin freisin.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1758 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1758.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

ACHOIMRE AR SHAINTRÉITHE AN TÁIRGE LE hAGHAIDH TACAR TÁIRGÍ BITHICÍDEACHA

SALVECO SALVESAFE PRODUCTS

Cineál nó cineálacha táirge

PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe

PT04: Limistéar bia agus beatha

PT03: Sláinteachas tréidliachta

Uimhir an údaraithe EU-0028967-0000

Uimhir sócmhainne R4BP EU-0028967-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. **FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	SALVECO SALVESAFE PRODUCTS

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha PT03: Sláinteachas tréidliachta

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	SALVECO S.A.S.
	Seoladh	Avenue Pierre Mendès-France Z.A. Hellieule 4 F 88100 SAINT DIE DES VOSGES FR
Uimhir an údaraithe		EU-0028967-0000
Uimhir sócmhainne R4BP		EU-0028967-0000
Dáta an údaraithe		an 2 Deireadh Fómhair 2023
Dáta éaga an údaraithe		an 30 Meán Fómhair 2033

1.4. **Monaróir/monaróirí an táirge**

Ainm an mhonaróra	SALVECO S.A.S
Seoladh an mhonaróra	Avenue Pierre Mendès-France F-88100 SAINT DIE DES VOSGES An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	Avenue Pierre Mendès-France F-88100 SAINT DIE DES VOSGES An Fhrainc

Ainm an mhonaróra	GESTRA S.A.S
Seoladh an mhonaróra	Allée Robert Schumann F-88110 RAON-L'ETAPE An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	Allée Robert Schumann F-88110 RAON-L'ETAPE An Fhrainc

Ainm an mhonaróra	IDEAL Chimic
Seoladh an mhonaróra	Route de St-Julien 34 1227 Carouge An Eilvéis
Suíomh na láithreán monaraíochta	Route de St-Julien 34 1227 Carouge An Eilvéis

1.5. **Monaróir/monaróirí na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Aigéad L-(+)-lachtach
Ainm an mhonaróra	PURAC BIOCHEM BV
Seoladh an mhonaróra	Gran Vial 19-25 08160 Montmelo An Spáinn
Suíomh na láithreán monaraíochta	Gran Vial 19-25 08160 Montmelo An Spáinn

Substaint ghníomhach	Aigéad L-(+)-lachtach
Ainm an mhonaróra	JUNGBUNGZLAUER S.A
Seoladh an mhonaróra	Z.I Portuaire BP 32 67390 Marckolsheim An Fhrainc
Suíomh na láithreán monaraíochta	Z.I Portuaire BP 32 67390 Marckolsheim An Fhrainc

2. **COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	0,627 - 31,33 % (w/w)
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		0 - 28,8 % (w/w)

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		0 - 8,23 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	SL – Tiúchán intuaslagtha AL – Aon leacht eile

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE MEITEA-SPC(ANNA)

1. **MEITEA-SPC 1 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 1 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: meta-SPC1

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 1**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	15,66 - 31,33 % (w/w)
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		13,5 - 27 % (w/w)

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		3,52 - 8,23 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 1**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	SL – Tiúchán intuaslagtha

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 1**

Ráitis ghuaise	H315: Ina chúis le greannú craicinn. H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil.
Ráitis réamhchúraim	P101: Más gá comhairle liachta, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge ina aice láimhe. P102: Coimeád as aimsiú leanaí. P103: Léigh go cúramach agus lean na treoracha go léir. P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P280: Caith lámhainní cosanta, éadaí cosanta agus cosaint súile. P302+P352: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN: Nigh le neart uisce. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhoctúir. P321: Cóir leighis ar leith (féach ar an teagasc maidir le garchabhair fhorlíontach ar an lipéad seo). P332+P313: I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle liachta. P362+P364: Bain díot láithreach na héadaí éillithe agus nigh iad sula ndéanfar iad a athúsáid.

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Dífhabhtán nach bhfuil beartaithe le cur go díreach ar dhaoine nó ar ainmhithe (díghalráin do gach dromchlaí crua in-nite i limistéir cónaithe, institiúide, liachta agus tionsclaíoch)

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Víris Gnáthainm: Víris imchlúdaithe Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh úsáid lasmuigh I limistéir cónaithe, institiúide, liachta agus tionsclaíoch
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil, scaipeadh, cuimilt, cúr, cóireáil scuaibe, cóireáil tumtha, tumadh, mapáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: — gan ghníomhaíocht mheicniúil
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: - 0,299 % go 1,496 % Airí uainithe: Orgánaigh sprice riachtanacha: — Baictéir: 0,299 % go 1,496 % w/w L-(+)-aigéad lachtach, 5 nóiméad, 20 °C Orgánaigh sprice eile: — Víris agus giostaí imchlúdaithe: 0,299 % go 1,496 % w/w L-(+)-aigéad lachtach, 5 nóiméad, 20 °C Is é an íostiúchan de ghníomhaithe dromchla a bheidh in úsáid ná 0,29 % i gcás táirge ar bith a bheidh arna áireamh as seo amach sa mheat-SPC seo.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil ; an pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Tá méid an phacáiste i gcomhair neamhghairmithe teoranta do 3 lítear ar uasmhéid agus ba chóir do phacáistiú 1 lítear teacht le hanla Caidhpeanna athlíonta: 20 - 100 ml poileitiléin ard-dlúis (HDPE) Buidéil: 0,5 - 5 lítear HDPE nó poileitiléin teireiftealáit (PET) Canna breosla: 1 - 80 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin) Druma: 10 - 210 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin) Coimeádán Builc Idirmheánach (IBC): 1 000 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2

Díghalráin limistéir bia agus beatha (díghalráin do gach dromchlaí crua in-nite i limistéir cónaithe, institiúide agus tionscail bia)

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh úsáid lasmuigh — i suíomhanna cónaithe, institiúide agus tionscail bia (díghalrú ginearálta)
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil, scaipeadh, cuimilt, cúr, cóireáil scuaibe, cóireáil tumtha, tumadh, mapáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: — gan ghníomhaíocht mheicniúil
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: - 0,299 % go 1,496 % Airí uainithe: Orgánaigh sprice riachtanacha: — Baictéir agus giosta: 0,299 % go 1,496 % w/w L-(+)-aigéad lachtach, 5 nóiméad, 20 °C Is é an íostiúchan de ghníomhaithe dromchla a bheidh in úsáid ná 0,29 % i gcás táirge ar bith a bheidh arna áireamh as seo amach sa mheat-SPC seo.

Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil ; an pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Tá méid an phacáiste i gcomhair neamhghairmithe teoranta do 3 lítear ar uasmhéid agus ba chóir do phacáistiú 1 lítear teacht le hanla Caidhpeanna athlíonta: 20 - 100 ml poileitiléin ard-dlúis (HDPE) Buidéil: 0,5 - 5 lítear HDPE nó poileitiléin teireiftealáit (PET) Canna breosla: 1 - 80 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin) Druma: 10 - 210 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin) Coimeádán Builc Idirmheánach (IBC): 1 000 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 1**

5.1. **Treoracha úsáide**

— Fliuchaigh an dromchla ar fad ar feadh 5 nóiméad chun an táirge a chur (cuir timpeall 18 sprae /m^2 nó 20 ml/m^2 nó clúdaigh go hiomlán an oibiacht le díghalrú).

— Ná úsáid ach ar dhromchlaí neamhphóiriúla.

— Cuir le fios do shealbhóir an údaraithe má bhíonn an chóireáil neamhéifeachtach.

— Cloí leis na treoracha úsáide.

— Tabharfar eolas ar gach aon lipéad táirge maidir leis an gcaoi is ceart an caolú a dhéanamh d'fhonn éifeachtúlacht an táirge a ráthú. Ós rud é go gcuimsíonn an tiúchan L-(+)-aigéad lachtach réimse ó 15,66 go 31,33% i dtáirgí laistigh den mheat-SPC seo, ní féidir na caoluithe táirge ar fad a lua anseo.

Sampla i gcas táirge a bhfuil 15,66% de L-(+)-aigéad lachtach ann	Caolú an táirge	Am teagmhála
Gníomhaíocht bhaictéarach agus giostaicídeach	0,299% (20 ml den táirge, cuir isteach uisce suas go dtí 1 lítear)	5 nóiméad

Luafaidh sealbhóir an údaraithe ar an lipéad an toirt ábhartha den táirge atá lena caolú le huisce i gcás gach táirge ar leith

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

— Nigh do lámha tar éis an táirge dlútháin a úsáid.

— Seachain teagmháil le súile.

— Seachain steallta agus doirteadh le linn measctha agus lódála (caolú).

— I gcomhair úsáidí allamuigh, ná forchuir an táirge i gcás go bhfuiltear ag súil le báisteach laistigh 24 uaire.

— I gcomhair úsáideanna allamuigh ag sprae, seachain aistriú go limistéir eile leis an ngaoth (gluaiseacht).

I gcomhair úsáide gairmiúil amháin:

— Nuair a bheidh tú ag láimhseáil an táirge thiubhaithe (le linn a chaolaithe) caith lámhainní cosanta a bheidh frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán arna n-aicmiú faoi EN 374 nó a choibhéis, spéaclaí cosanta ceimiceacha i gcomhréir le EN 16321 nó a choibhéis agus rabhlaer i gcomhréir le EN 14605 nó a choibhéis. Tá téacsanna iomlána na gcaighdeán EN le fáil in Alt 6. – Ábhar a bhaineann le trealamh cosanta pearsanta (PPE) lena sainiú ag sealbhóir an údaraithe sa bhfaisnéis faoin táirge.

Le haghaidh úsáide neamhghairmiúil amháin:

— Teastaíonn dúnadh sábháilte do pháistí.

— Coinnigh ar shiúl é ó leanaí nó pheataí.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

— Más gá comhairle liachta, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge ina aice láimhe

— I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad roimh iad a athúsáid. Nigh craiceann le huisce. I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.

— I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad.

Cuir glao ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Faisnéis do phearsanra Sláinte nó ar dochtúir:

Ba cheart na súile a shruthlaigh arís agus arís eile ar an mbealach go dtí an dochtúir má nochtadh na súile do cheimiceáin alcaileacha (pH> 11), aimíní ar nós aigéad aicéiteach, aigéad formach nó aigéad próipianach.

— MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glao ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

— MÁ IONANÁLAÍTEAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

— Ná sceith táirge nach n-úsáidtear ar an talamh, isteach i sruthchúrsaí, isteach i bpíopaí (doirteal, leithris...) ná síos sna draein.

— Faigh réidh le táirge nach n-úsáidtear, a phacáistíocht agus gach dramhaíl eile i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

— Coinnigh ar shiúl é ó leanaí nó pheataí.

— Seilfré: 2 bhliain.

— Cosnaítear ón tsioc é.

6. **FAISNÉIS EILE**

— Ní bhaineann P280 (Caith lámhainní cosanta/éadaí cosanta/cosaint súile/cosaint aghaidhe) leis an úsáideoir neamhghairmiúil.

Is iad seo a leanas teidil iomlána na gcaighdeán EN dá dtagraítear in alt 5.2 'Bearta maolaithe riosca':

EN 374 – Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceán agus miocrorgánach contúirteach

EN 16321 – Cosaint súl agus aghaidhe le haghaidh úsáid ceirde

EN 14605 – Éadaí cosanta in aghaidh ceimiceán leachtach - Riachtanais feidhmíochta i gcás éadaí a bhfuil naisc leacht-dhíonacha (Cineál 3) nó cáitheadh-dhíonacha (Cineál 4) ag baint leo, ar a n-áirítear míreanna lena dtugtar cosaint do bhaill áirithe den chorp agus dóibhsean amháin (Cineálacha PB [3] agus PB [4])

7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 1**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		SALVE FAM1_1		Réimse margaidh: AE	
Uimhir an údaraithe		EU-0028967-0001 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	31,33 % (w/w)
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		27 % (w/w)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		8,23 % (w/w)

7.2. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		SALVE FAM1_5		Réimse margaidh: AE	
Uimhir an údaraithe		EU-0028967-0002 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	20,89 % (w/w)
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		18 % (w/w)

D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		5,49 % (w/w)

7.3. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		SALVE FAM1_9	Réimse margaidh: AE		
		OSANIS – Nettoyant désinfectant concentré	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0028967-0003 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	15,66 % (w/w)
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		13,5 % (w/w)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		4,11 % (w/w)

7.4. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		SALVE FAM1_13	Réimse margaidh: AE		
		MILTON - Dégraissant désinfectant	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0028967-0004 1-1			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	31,33 % (w/w)

Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		27 % (w/w)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		3,52 % (w/w)

1. **MEITEA-SPC 2 FAISNÉIS RIARACHÁIN**

1.1. **MEITEA-SPC 2 aitheantóir**

Aitheantóir	Meta SPC: meta-SPC2

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe PT04: Limistéar bia agus beatha

2. **COMHDHÉANAMH META SPC 2**

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meitea-SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	15,66 - 31,33 % (w/w)
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		13,5 - 27 % (w/w)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		3,52 - 8,23 % (w/w)

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meitea-SPC 2**

Cineál nó cineálacha foirmlithe	SL – Tiúchán intuaslagtha

3. **RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM MEITEA-SPC 2**

Ráitis ghuaise	H315: Ina chúis le greannú craicinn. H318: Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. EUH208: Eocalaptól, Carbhóin agus Líomainéin ann. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach. EUH208: Salaicioláit meitile agus Eoigeanól (cumhrán íonta) ann. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach. EUH208: Eucalyptol (cumhrán duilleoige eocalaipe) ann. D'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le frithghníomhú ailléirgeach.
Ráitis réamhchúraim	P101: Más gá comhairle liachta, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge ina aice láimhe. P102: Coimeád as aimsiú leanaí. P103: Léigh go cúramach agus lean na treoracha go léir. P264: Nigh lámha go lánchúramach tar éis láimhsithe. P280: Caith lámhainní cosanta, éadaí cosanta agus cosaint súile. P302+P352: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS AN gCRAICEANN: Nigh le neart uisce. P305+P351+P338: I gCÁS TEAGMHÁIL LEIS NA SÚILE: Sruthlaítear go faichilleach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. P310: Cuir glao láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhoctúir. P321: Cóir leighis ar leith (féach ar an teagasc maidir le garchabhair fhorlíontach ar an lipéad seo). P332+P313: I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle liachta. P362+P364: Bain díot láithreach na héadaí éillithe agus nigh iad sula ndéanfar iad a athúsáid.

4. **ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE MEITEA-SPC**

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Dífhabhtán nach bhfuil beartaithe le cur go díreach ar dhaoine nó ar ainmhithe (díghalráin do gach dromchlaí crua in-nite i limistéir cónaithe, institiúide, liachta agus tionsclaíoch)

An cineál táirge	PT02: Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Víris Gnáthainm: Víris imchlúdaithe Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh úsáid lasmuigh i limistéir cónaithe, institiúide, liachta agus tionsclaíoch.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil, scaipeadh, cuimilt, cúr, cóireáil scuaibe, cóireáil tumtha, tumadh, mapáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: — gan ghníomhaíocht mheicniúil.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: - 0,299 % go 1,496 % Airí uainithe: Orgánaigh sprice riachtanacha: — Baictéir: 0,299 % go 1,496 % w/w L-(+)-aigéad lachtach, 5 nóiméad, 20 °C Orgánaigh sprice eile: — Víris agus giostaí imchlúdaithe: 0,299 % go 1,496 % w/w L-(+)-aigéad lachtach, 5 nóiméad, 20 °C Is é an íostiúchan de ghníomhaithe dromchla a bheidh in úsáid ná 0,29 % i gcás táirge ar bith a bheidh arna áireamh as seo amach sa mheat-SPC seo.
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil ; an pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Tá méid an phacáiste i gcomhair neamhghairmithe teoranta do 3 lítear ar uasmhéid agus ba chóir do phacáistiú 1 lítear teacht le hanla Caidhpeanna athlíonta: 20 - 100 ml HDPE Buidéil: 0,5 - 5 lítear HDPE nó PET Canna breosla: 1 - 80 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin) Druma: 10 - 210 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin) IBC: 1 000 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2

Díghalráin limistéir bia agus beatha (díghalráin do gach dromchlaí crua in-nite i limistéir cónaithe, institiúide agus tionscail bia)

An cineál táirge	PT04: Limistéar bia agus beatha
I gcás inarb ábhartha, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: níl aon sonraí ar fáil
Réimse (nó réimsí) úsáide	úsáid laistigh úsáid lasmuigh — I suíomhanna cónaithe, institiúide agus tionscail bia (díghalrú ginearálta)
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Spraeáil, scaipeadh, cuimilt, cúr, cóireáil scuaibe, cóireáil tumtha, tumadh, mapáil Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: — gan ghníomhaíocht mheicniúil
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Ráta úsáide: - 0,299 % go 1,496 % Airí uainithe: Orgánaigh sprice riachtanacha: — Baictéir agus giosta: 0,299 % go 1,496 % w/w L-(+)-aigéad lachtach, 5 nóiméad, 20 °C Is é an íostiúchan de ghníomhaithe dromchla a bheidh in úsáid ná 0,29 % i gcás táirge ar bith a bheidh arna áireamh as seo amach sa mheat-SPC seo.

Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	gairmiúil ; an pobal i gcoitinne (neamhghairmiúil)
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Tá méid an phacáiste i gcomhair neamhghairmithe teoranta do 3lítearar uasmhéid agus ba chóir do phacáistiú 1líteartecht le hanla Caidhpeanna athlíonta: 20 - 100 ml HDPE Buidéil: 0,5 - 5 lítear HDPE nó PET Canna breosla: 1 - 80 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin) Druma: 10 - 210 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin) IBC: 1 000 lítear HDPE (i gcomhair úsáideoirí ghairmiúla amháin)

4.2.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

4.2.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach na treoracha ginearálta le haghaidh úsáide

5. **TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE MAIDIR LE MEITEA-SPC 2**

5.1. **Treoracha úsáide**

— Fliuchaigh an dromchla ar fad ar feadh 5 nóiméad chun an táirge a chur (cuir timpeall 18 sprae /m^2 nó 20 ml/m^2 nó clúdaigh go hiomlán an oibiacht le díghalrú).

— Ná úsáid ach ar dhromchlaí neamhphóiriúla.

— Cuir le fios do shealbhóir an údaraithe má bhíonn an chóireáil neamhéifeachtach.

— Cloí leis na treoracha úsáide.

— Tabharfar eolas ar gach aon lipéad táirge maidir leis an gcaoi is ceart an caolú a dhéanamh d'fhonn éifeachtúlacht an táirge a ráthú. Ós rud é go gcuimsíonn an tiúchan L-(+)-aigéad lachtach réimse ó 15,66 go 31,33% i dtáirgí laistigh den mheat-SPC seo, ní féidir na caoluithe táirge ar fad a lua anseo.

Sampla i gcas táirge a bhfuil 15,66% de L-(+)-aigéad lachtach ann	Caolú an táirge	Am teagmhála
Gníomhaíocht bhaictéarach agus giostaicídeach	0,299% (20 ml den táirge, cuir isteach uisce suas go dtí 1 lítear)	5 nóiméad

Luafaidh sealbhóir an údaraithe ar an lipéad an toirt ábhartha den táirge atá lena caolú le huisce i gcás gach táirge ar leith

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

— Nigh do lámha tar éis an táirge dlútháin a úsáid.

— Seachain teagmháil le súile.

— Seachain steallta agus doirteadh le linn measctha agus lódála (caolú).

— I gcomhair úsáidí allamuigh, ná forchuir an táirge i gcás go bhfuiltear ag súil le báisteach laistigh 24 uaire.

— I gcomhair úsáideanna allamuigh ag sprae, seachain aistriú go limistéir eile leis an ngaoth (gluaiseacht).

I gcomhair úsáide gairmiúil amháin:

— Nuair a bheidh tú ag láimhseáil an táirge thiubhaithe (le linn a chaolaithe) caith lámhainní cosanta a bheidh frithsheasmhach in aghaidh ceimiceán arna n-aicmiú faoi EN 374 nó a choibhéis, spéaclaí cosanta ceimiceacha i gcomhréir le EN 16321 nó a choibhéis agus rabhlaer i gcomhréir le EN 14605 nó a choibhéis. Tá teidil iomlána na gcaighdeán EN le fáil in Alt 6. – Ábhar a bhaineann le PPE lena sainiú ag sealbhóir an údaraithe sa bhfaisnéis faoin táirge.

Le haghaidh úsáide neamhghairmiúil amháin:

— Teastaíonn dúnadh sábháilte do pháistí.

— Coinnigh ar shiúl é ó leanaí nó pheataí.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

— Más gá comhairle liachta, bíodh coimeádán nó lipéad an táirge ina aice láimhe

— I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Bain díot aon éadaí éillithe agus nigh iad roimh iad a athúsáid. Nigh craiceann le huisce. I gcás greannú craicinn: Faigh comhairle leighis.

— I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad.

Cuir glao ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Faisnéis do phearsanra Sláinte nó ar dochtúir:

Ba cheart na súile a shruthlaigh arís agus arís eile ar an mbealach go dtí an dochtúir má nochtadh na súile do cheimiceáin alcaileacha (pH> 11), aimíní ar nós aigéad aicéiteach, aigéad formach nó aigéad próipianach.

— MÁ SHLOGTAR: Sruthlaigh béal láithreach. Tabhair rud éigin le hól, má tá an duine arna nochtadh in ann slogadh. NÁ spreagtar urlacan. Cuir glao ar 112 nó ar otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

— MÁ IONANÁLAÍTEAR: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir má bhaineann airíonna duit.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

— Ná sceith táirge nach n-úsáidtear ar an talamh, isteach i sruthchúrsaí, isteach i bpíopaí (doirteal, leithris...) ná síos sna draein.

— Faigh réidh le táirge nach n-úsáidtear, a phacáistíocht agus gach dramhaíl eile i gcomhréir leis na rialacháin áitiúla.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

— Coinnigh ar shiúl é ó leanaí nó pheataí.

— Seilfré: 2 bhliain.

— Cosnaítear ón tsioc é.

6. **FAISNÉIS EILE**

— Ní bhaineann P280 (Caith lámhainní cosanta/éadaí cosanta/cosaint súile/cosaint aghaidhe) leis an úsáideoir neamhghairmiúil.

Is iad seo a leanas teidil iomlána na gcaighdeán EN dá dtagraítear in alt 5.2 'Bearta maolaithe riosca':

EN 374 – Lámhainní cosanta in aghaidh ceimiceán agus miocrorgánach contúirteach

EN 16321 – Cosaint súl agus aghaidhe le haghaidh úsáid ceirde

EN 14605 – Éadaí cosanta in aghaidh ceimiceán leachtach - Riachtanais feidhmíochta i gcás éadaí a bhfuil naisc leacht-dhíonacha (Cineál 3) nó cáitheadh-dhíonacha (Cineál 4) ag baint leo, ar a n-áirítear míreanna lena dtugtar cosaint do bhaill áirithe den chorp agus dóibhsean amháin (Cineálacha PB [3] agus PB [4])

7. **AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I MEITEA-SPC 2**

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		SALVE FAM1_2	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0028967-0005 1-2			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	31,33 % (w/w)
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		27 % (w/w)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		8,23 % (w/w)

7.2. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		SALVE FAM1_3	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0028967-0006 1-2			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	31,33 % (w/w)

Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		27 % (w/w)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		8,23 % (w/w)

7.3. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	SALVE FAM1_4	Réimse margaidh: AE
	MAISON VERTE - Recharge pour spray désinfectant multi-usages	Réimse margaidh: AE
	MAISON VERTE PRO - Recharge pour spray désinfectant multi-usages	Réimse margaidh: AE
	MAISON VERTE PRO - Recharge pour spray désinfectant salle de bain	Réimse margaidh: AE
	SANIVERT - Recharge pour spray désinfectant multi-usages	Réimse margaidh: AE
	YOU - Recharge désinfectant toutes surfaces	Réimse margaidh: AE

	YOU - Recharge désinfectant WC	Réimse margaidh: AE
	SANILAK - Recharge Nettoyant désinfectant multi-usages Eucalyptus	Réimse margaidh: AE
	SANILAK - Recharge Nettoyant désinfectant sanitaires Eucalyptus	Réimse margaidh: AE
	SANILAK - Recharge Nettoyant désinfectant cuisine Eucalyptus	Réimse margaidh: AE
	YOU - Refill All purpose disinfecting cleaner	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0007 1-2	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	31,33 % (w/w)
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		27 % (w/w)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		8,23 % (w/w)

7.4. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	SALVE FAM1_6	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0008 1-2	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	20,89 % (w/w)
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		18 % (w/w)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		5,49 % (w/w)

7.5. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		SALVE FAM1_7	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0028967-0009 1-2			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	20,89 % (w/w)
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		18 % (w/w)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		5,49 % (w/w)

7.6. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha		SALVE FAM1_8	Réimse margaidh: AE		
Uimhir an údaraithe		EU-0028967-0010 1-2			
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	20,89 % (w/w)

Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		18 % (w/w)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		5,49 % (w/w)

7.7. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	SALVE FAM1_10	Réimse margaidh: AE
	SANILAK - Nettoyant désinfectant concentré Menthe	Réimse margaidh: AE
	SANILAK - Recharge Nettoyant désinfectant sols et surfaces Menthe	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0011 1-2	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	15,66 % (w/w)
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		13,5 % (w/w)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		4,11 % (w/w)

7.8. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	SALVE FAM1_11	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0012 1-2	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	15,66 % (w/w)
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		13,5 % (w/w)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		4,11 % (w/w)

7.9. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	SALVE FAM1_12	Réimse margaidh: AE
	MAISON VERTE - Recharge pour sol désinfectant multi-surfaces	Réimse margaidh: AE
	MAISON VERTE PRO - Recharge pour désinfectant sol	Réimse margaidh: AE
	MAISON VERTE PRO - Recharge pour désinfectant Multi-surfaces	Réimse margaidh: AE

	SANIVERT - Recharge désinfectant multi-surfaces	Réimse margaidh: AE
	YOU - Recharge désinfectant sols & surfaces	Réimse margaidh: AE
	SANILAK - Nettoyant désinfectant concentré Eucalyptus	Réimse margaidh: AE
	SANILAK - Recharge Nettoyant désinfectant sols et surfaces Eucalyptus	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0013 1-2	

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Aigéad L-(+)-lachtach		substaint ghníomhach	79-33-4	201-196-2	15,66 % (w/w)
Carbocsaláit éitir ochtaile sóidiam		Substaint neamhghníomhach	53563-70-5		13,5 % (w/w)
D-glúcóphiranós, olagaiméarach, C10-16 (ré-uimhreach)-gliocóisíde ailcile		Substaint neamhghníomhach	110615-47-9		4,11 % (w/w)

7.10. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm/trádainmneacha	SALVE FAM1_14	Réimse margaidh: AE
Uimhir an údaraithe	EU-0028967-0014 1-2	

